

SIAMSÁN SA MBAILE!

Péinteáil le Fataí

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Bia' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Péinteáil le fataí nó prátaí - cruthanna, uimhreacha agus litreacha a phéinteáil agus fataí á n-úsáid agat.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 23 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Ábhar:

- Fataí/prátaí
- Peann luaidhe
- Scian
- Péint
- Páipéar

Modh:

1. Leis an scian, gearr an fata ina dhá leath, déan cinnte go bhfuil an dá thaobh mín. Fág an craiceann ar na fataí, beidh siad sleamhain má bhaintear an craiceann díobh agus beidh sé deacair greim a choinneáil orthu.
2. Leis an bpeann luaidhe, tarraing cruth ar an bpíosa den fhata nach bhfuil aon chraiceann air, an píosa mín.
3. Leis an scian, go cúramach, gearr timpeall ar an gcruth a tharraing tú le do pheann luaidhe. Nuair a bheidh tú críochnaithe ba cheart go mbeadh an cruth níos airde nó ag seasamh amach ón gcuid eile den fhata.
4. Tum an fata sa bpéint agus cuir do stampa ar an bpáipéar

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta